Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10857 – CINVEN / ZURICH SANDER VERMÖGENSVERWALTUNG)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 385/09)

1. An 30 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Viridium Holding AG ("Viridium" an Ghearmáin), atá faoi rialú Cinven Partnership LLP ("Cinven", an Ríocht Aontaithe),

— Zurich Sander Vermögensverwaltungs AG (an Ghearmáin), ar leis an ngrúpa Zurich Insurance Group Ltd. (an Eilvéis) é.

Gheobhaidh Cinven rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Zurich Sander Vermögensverwaltungs AG ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Cinven. Is soláthraí táirgí árachais saoil é Viridium, a dhéanann speisialtóireacht i mbainistiú punann dúnta d'árachas saoil sa Ghearmáin,

— Tá punann dhúnta de pholasaithe árachais saoil ina seilbh ag Zurich Sander Vermögensverwaltungs AG, agus is custaiméirí Gearmánacha amháin, beagnach, ar leo na polasaithe sin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10857 – CINVEN / ZURICH SANDER VERMÖGENSVERWALTUNG

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.